

Cad iad na príomhtheachtaireachtaí atá i gceist agus conas a úsáidfear iad?

Cad is EAAD ann?

Tionscnamh sláinte Eorpach arna chomhordú ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) is ea an Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach (EAAD). Tá sé mar aidhm leis ardán agus tacaíocht a sholáthar d'fheachtais náisiúnta lena gcuirtear úsáid stuama antaibheathach chun cinn. Comórtar EAAD gach bliain ar fud na hEorpa trí fheachtais náisiúnta lena gcuirtear úsáid stuama antaibheathach chun cinn a reáchtáil an 18 Samhain nó timpeall ar an lá sin.

Cad iad na príomhtheachtaireachtaí atá i gceist agus conas a úsáidfear iad?

Chun tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide ar leibhéal náisiúnta, chuir ECDC sraitheanna straitéisí cumarsáide le chéile ina bhfuil ábhair theimpléadacha agus príomhtheachtaireachtaí fianaisebhunaithe a bhféadfaí iad a oiriúnú dá n-úsáid ar leibhéal náisiúnta.

Tá príomhtheachtaireachtaí ar an mbunchloch do gach feachtas cumarsáide. Maidir leis na príomhtheachtaireachtaí don tsraith straitéisí nua:

- Tá sé mar aidhm leo freagracht an duine aonair a chothú as dul i ngleic le frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach agus gairmithe a chumasú gníomhaíocht a dhéanamh.
- Soláthraítear leo sraith ráiteas soiléir a bhfuil tagairt ag gabháil le gach ceann díobh agus ar cheart iad a úsáid mar bhonn leis na hábhair theimpléadacha;
- Cumhdaítear leo roinnt gairmithe éagsúla a oibríonn in ospidéal agus i suíomhanna eile cúram sláinte, is iad sin: bainisteoirí/riarthóirí, speisialtóirí galar tógálach, gairmithe um ionfhabhtú a chosc agus a rialú, eipidéimeolaithe, oideasóirí, dochtúirí sóisearacha agus mic léinn, cógaiseoirí, altraí, micribhitheolaithe cliniciúla, agus gairmithe i rannóga éigeandála, in aonaid dianchúraim agus i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh.

Tá seans ann nach ionann na saincheisteanna a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach do gach tír san Aontas Eorpach (AE)/sa Limistéar Eorpach

Eacnamaíoch (LEE). Mar sin, tá sé tábhachtach a chur in iúl go soiléir gurb amhlaidh, cé go bhfuil croífhaisnéis agus teachtaireachtaí coitianta le fáil sna hábhair theimpléadacha arna bhforbairt ag ECDC, go mbainfear an úsáid is fearr astu i gcásanna ina n-oiriúnaítear iad do na riachtanais agus do na cúinsí atá ann i ngach tír aonair agus dóibh sin atá ann i ngach ospidéal agus i ngach suíomh cúram sláinte, fiú. Ba cheart do thíortha breithniú a dhéanamh ar leas a bhaint as na sonraí náisiúnta faoi fhrithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach atá ar fáil ón Líonra Eorpach Faireachais um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (EARS-Net) agus as na sonraí náisiúnta faoi thomhailt antaibheathach atá ar fáil ón Líonra Eorpach um Fhaireachas ar Thomhailt Ábhar Frithmhiocróbach (ESAC-Net). Ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh freisin ar dhul i gcomhairle le cumainn ghairmiúla náisiúnta maidir le cé na huirlisí is oiriúnaí dá n-úsáid ina dtír féin.

Cad is “comhdhearcadh saineolaithe” ann?

I gcás go sonraítear na focail “comhdhearcadh saineolaithe” in aice le teachtaireacht sa doiciméad seo, tá ECDC ag tagairt don chomhaontú ar thángthas air le linn an phróisis chinnteoireachta atá leagtha amach, lena n-áirítear an comhaontú inmheánach idir saineolaithe ECDC, na tuairimí ó chomhaltaí de choiste comhairleach teicniúil EAAD, agus comhairliúchán le saineolaithe agus geallsealbhóirí seachtracha.